## Cur Síos Gairid

| An Ardteistiméireacht<br>Nuatheangacha Iasachta | Nuatheangacha Iasachta na hArdteistiméireachta<br>Meitheal Forbartha Cruinniú 2<br>4 Samhain 2025<br>Ionad Oideachais Laoise, Port Laoise |
|---|---|
| **Mír ar an gClár** | **Nótaí** |
| 1. Fáilte, leithscéalta, coimhlintí leasa | Chuir an cathaoirleach fáilte roimh an meitheal. Rinneadh nóta de leithscéalta ó Mhairéad Ní Drisceoil agus Kim McCarney. Níor cuireadh aon choimhlint leasa in iúl. |
| 2. Miontuairiscí agus nithe ag éirí astu | Rinneadh athbhreithniú agus faomhadh ar na miontuairiscí ó Chruinniú 1.<br>Ní raibh aon nithe ag éirí astu. |
| 3. An nuacht is déanaí | Thug an Feidhmeannas an nuacht is déanaí. |
| 4. Athbhreithniú agus comhaontú ar bhealaí oibre | Chuaigh an mheitheal i mbun gníomhaíocht chomhoibríoch chun athbhreithniú a dhéanamh ar bhealaí oibre a thuilleadh agus teacht ar aontú ina dtaobh. |
| 5. Comhairliúchán maidir le Cáipéis Eolais Nuatheangacha Iasachta na hArdteistiméireachta: Léargais Luatha | Chuir an Feidhmeannas léargais luatha ón bpróiseas comhairliúcháin i láthair agus d'iarr ar na baill an nasc a roinnt le comhghleacaithe agus líonraí. |
| 6. Athfhorbairt na Sraithe Sinsearaí: Forbhreathnú ar an bhfoirm theicniúil | Rinneadh cur i láthair maidir leis an bhfoirm theicniúil a úsáidtear i sonraíochtaí na Sraithe Sinsearaí. |
| 7. Athbhreithniú ar an gcéad dréacht den Réasúnaíocht agus de na hAidhmeanna | I ngrúpaí beaga, rinne na baill athbhreithniú ar an gcéad dréacht den Réasúnaíocht agus de na hAidhmeanna. Beidh an t-aiseolas a roinneadh mar bhonn eolais faoin gcéad dréacht eile. |
| Lón | Bhí lón ann idir 1:00 pm agus 1:45 pm. |
| 8. Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí | Chuir an Feidhmeannas forléargas i láthair ar Phríomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí agus ina dhiaidh sin bhí an mheitheal in ann ceisteanna a chur agus barúlacha a thabhairt. |
| 9. Naisc idir Príomhinniúlachtaí na Sraithe Sinsearaí agus Nuatheangacha Iasachta na hArdteistiméireachta | D'oibrigh na baill i ngrúpaí beaga chun naisc idir na Príomhinniúlachtaí agus Nuatheangacha Iasachta na hArdteistiméireachta a fhiosrú. |
| 10. Aiseolas | Beidh príomhthéamaí a roinneadh i seisiún iomlánach mar bhonn eolais faoi cháipéis na dréachtsonraíochta. |
| 11. Nóta gearr ón gcruinniú agus aon ghnó eile | Ghlac an mheitheal leis an nóta gearr ón gcruinniú. |